// Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

24 Feabhra 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2021/322 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 lena gceaptar comhalta malartach Choiste na Réigiún** ..... 1

★ **Cinneadh (AE) 2021/323 ó ionadaithe rialtais na mBallstát an 19 Feabhra 2021 lena gceaptar ceathrar Breithiúna agus Abhcóide Ginearálta amháin den Chúirt Bhreithiúnais** ..... 4

★ **Cinneadh (AE) 2021/324 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát an 19 Feabhra 2021 lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Ghinearálta** ..... 5

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/325 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 maidir le Leas-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh a cheapadh** ..... 6

★ **Cinneadh (AE) 2021/326 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, laistigh den Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a leasú** ..... 8

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/327 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2021 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le meatafluitrin a úsáid i dtáirgí bithicíde de chineál táirge 18** [1] ..... 10

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

* Faoin tagairt L 64 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/322 ÓN gCOMHAIRLE
## an 18 Feabhra 2021
## lena gceaptar comhalta malartach Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 300(3) agus Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Polainne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 300(3) den Chonradh gur cheart Coiste na Réigiún a bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil acu nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) Foráiltear le hAirteagal 305 den Chonradh go ndéanfaidh an Chomhairle comhaltaí Choiste na Réigiún mar aon lena chomhlíon de chomhaltaí malartacha a cheapadh go ceann téarma 5 bliana i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát.

(3) Ós rud é go ndeachaigh téarma oifige chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha Choiste na Réigiún in éag ar an 25 Eanáir 2020, ba cheart comhaltaí nua agus comhaltaí malartacha nua a cheapadh.

(4) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag na Ballstáit. Leis an gCinneadh sin, ceapadh, don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025, na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a mhol Rialtais Phoblacht na Seice, na Danmhairge, na hEastóine, na Cipire, na Laitvia, Lucsamburg, na hÍsiltíre, na hOstaire, na Rómáine, na Slóivéine, na Slóvaice agus na Sualainne. Ceapadh le Cinneadh (AE) 2019/2157 chomh maith agus don tréimhse chéanna,triúr comhaltaí arna moladh ag Rialtas na Beilge, 21 chomhalta agus 20 comhalta malartach arna moladh ag Rialtas na Gearmáine, ochtar comhaltaí agus ochtar comhaltaí malartacha arna moladh ag Rialtas na hÉireann, 16 chomhalta agus 16 chomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Spáinne, deichniúr comhaltaí agus 14 chomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na hIodáile, ceathrar comhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha arna moladh ag Rialtas Mhálta agus ochtar comhaltaí agus ochtar comhaltaí malartacha arna moladh ag Rialtas na Fionlainne.

(5) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102 ([3]), i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag na Ballstáit. Leis an gCinneadh sin ceapadh, don tréimhse chéanna, ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025, na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a mhol Rialtais na Gréige, na Fraince, na Cróite, na Liotuáine, na hUngáire agus na Portaingéile, mar aon le ceathrar comhaltaí agus ceathrar comhaltaí mhalartacha a mhol Rialtas na Beilge,

---

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

([3]) Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).

comhalta amháin a mhol Rialtas na Bulgáire, comhalta amháin agus comhalta malartach amháin a mhol Rialtas na hÉireann, comhalta amháin agus comhalta malartach amháin a mhol Rialtas na Spáinne, 14 chomhalta agus 10 gcomhalta mhalartacha a mhol Rialtas na hIodáile, agus 21 chomhalta agus 20 comhalta malartach a mhol Rialtas na Polainne.

(6) An 3 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/144 ([4]), i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag na Ballstáit. Leis an gCinneadh sin ceapadh, don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025, ceathrar comhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha a mhol Rialtas na Spáinne, mar aon le comhalta amháin agus comhalta malartach amháin a mhol Rialtas na Fionlainne.

(7) An 26 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/511 ([5]), i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag na Ballstáit. Leis an gCinneadh sin ceapadh, don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025, cúigear comhaltaí agus ochtar comhaltaí malartacha a mhol Rialtas na Beilge, mar aon le comhalta malartach amháin a mhol Rialtas na Gearmáine agus comhalta amháin a mhol Rialtas Mhálta.

(8) An 8 Meitheamh 2020, tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas, ar tarraingt siar í a raibh éifeacht dhlíthiúil léi an 1 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/766 ([6]), i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/852 agus leis na tograí a rinne na Ballstáit. Leis an gCinneadh sin ceapadh, don tréimhse ón 1 Feabhra 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025, comhalta breise amháin agus comhalta malartach breise amháin a mhol Rialtas na hEastóine, comhalta breise amháin agus comhalta malartach breise amháin a mhol Rialtas na Cipire, mar aon le comhalta breise amháin agus comhalta malartach breise amháin a mhol Rialtas Lucsamburg.

(9) An 30 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1153 ([7]), i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag na Ballstáit. Leis an gCinneadh sin ceapadh, don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025, 11 chomhalta agus12 chomhalta mhalartacha a mhol Rialtas na Bulgáire, mar aon le triúr comhaltaí agus triúr comhaltaí malartacha a mhol Rialtas na Gearmáine agus comhalta malartach amháin a mhol Rialtas Mhálta. Leis an gCinneadh sin ceapadh freisin, don tréimhse ón 1 Feabhra 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025, comhalta malartach amháin a mhol Rialtas na Cipire, agus comhalta malartach amháin a mhol Rialtas Lucsamburg.

(10) An 17 Nollaig 2020, mhol Rialtas na Polainne a iarrthóir do shuíochán an chomhalta mhalartaigh atá fágtha aici. Ba cheart an comhalta malartach sin a cheapadh don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an gCinneadh seo ón 26 Eanáir 2020.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an duine a leanas a cheapadh ina chomhalta malartach ar Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025:

POLSKA

Mr Adam BANASZAK

Member of a Regional Assembly: *Sejmik Województwa Kujawsko - Pomorskiego*.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([4]) Cinneadh (AE) 2020/144 ón gComhairle an 3 Feabhra 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 32, 4.2.2020, lch. 16).

([5]) Cinneadh (AE) 2020/511 ón gComhairle an 26 Márta 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 113, 8.4.2020, lch. 18).

([6]) Cinneadh (AE) 2020/766 ón gComhairle an 8 Meitheamh 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 1 Feabhra 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 187, 12.6.2020, lch. 3).

([7]) Cinneadh (AE) 2020/1153 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún (IO L 256, 5.8.2020, lch. 12).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. P. ZACARIAS

**CINNEADH (AE) 2021/323 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT**

**an 19 Feabhra 2021**

**lena gceaptar ceathrar Breithiúna agus Abhcóide Ginearálta amháin den Chúirt Bhreithiúnais**

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarmaí oifige ceithre Bhreitheamh déag agus seisear Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais in éag an 6 Deireadh Fómhair 2021.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, ceapacháin a dhéanamh do na poist sin don tréimhse dar tús an 7 Deireadh Fómhair 2021 agus dar críoch an 6 Deireadh Fómhair 2027.

(3) Moladh go ndéanfaí Miroslav GAVALEC agus Octavia SPINEANU-MATEI a cheapadh do chéad téarma oifige ina gcáil mar Bhreithiúna den Chúirt Bhreithiúnais.

(4) Moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarma oifige Niilo Jääskinen agus Lars Bay Larsen ina gcáil mar Bhreithiúna den Chúirt Bhreithiúnais.

(5) Moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarma oifige Juliane Kokott ina cáil mar Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais.

(6) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Breithimh agus Abhcóide Ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027:

— Miroslav GAVALEC,
— Octavia SPINEANU-MATEI,
— Niilo JÄÄSKINEN,
— LARS BAY LARSEN.

*Airteagal 2*

Ceaptar Juliane KOKOTT ina hAbhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Feabhra 2021.

*An tUachtarán*
N. BRITO

**CINNEADH (AE) 2021/324 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA MBALLSTÁT**

**an 19 Feabhra 2021**

**lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Ghinearálta**

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 254 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus tar éis cheapadh Jan PASSER ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais, ba cheart Breitheamh a cheapadh don Chúirt Ghinearálta ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Jan PASSER, eadhon go dtí an 31 Lúnasa 2025.

(2) Ainmníodh David PETRLÍK don fholúntas sin.

(3) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar David PETRLÍK ina Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Feabhra 2021.

*An tUachtarán*
N. BRITO

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/325 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 22 Feabhra 2021**

**maidir le Leas-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh a cheapadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013, lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach a bhaineann le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal 26(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa.

(2) Ba cheart don Bhord Maoirseachta tabhairt go hiomlán faoi phleanáil agus faoi fhorghníomhú na gcúraimí a thugtar do BCE, ar a bhfuil an Cathaoirleach, an leas-Chathaoirleach agus ceathrar ionadaithe ó BCE, chomh maith le hionadaí amháin ón údarás inniúil náisiúnta i ngach Ballstát rannpháirteach.

(3) Is comhlacht sár-riachtanach é an Bord Maoirseachta agus feidhmiú na gcúraimí maoirseachta á dhéanamh ag BCE sa Sásra Aonair Maoirseachta. Dá bhrí sin, le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, tugadh de chumhacht don Chomhairle Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta a cheapadh.

(4) An 4 Deireadh Fómhair 2019, cheap an Chomhairle Yves MERSCH mar Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1671 ([2]). Tháinig deireadh le téarma oifige Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta an 14 Nollaig 2020.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, tar éis éisteacht a thabhairt don Bhord Maoirseachta, tá togra le cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ag BCE maidir le Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta a cheapadh, duine a roghnófar as measc chomhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE. Thíolaic BCE togra den sórt sin an 18 Nollaig 2020, agus d'fhormheas Parlaimint na hEorpa é an 8 Feabhra 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Frank ELDERSON mar Leas-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 24 Feabhra 2021.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.

([2]) Cinneadh Cur chun feidhme ón gComhairle (AE) 2019/1671 an 4 Deireadh Fómhair 2019 maidir le Leas-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh a cheapadh (IO L 256, 7.10.2019, lch. 8).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Feabhra 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

**CINNEADH (AE) 2021/326 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 22 Feabhra 2021**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, laistigh den Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91 agus 100(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála idir an tAontas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 191 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle ([1]) shínigh an tAontas an Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile ("An Comhaontú Trádála") agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus Peiriú ón 1 Márta 2013 i leith, agus idir an tAontas agus an Cholóim ón 1 Lúnasa 2013 i leith. Leasaíodh an Comhaontú Trádála leis an bPrótacal maidir le hAontachas Eacuadór ([2]), a síníodh an 11 Samhain 2016 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/2369 ón gComhairle ([3]) agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2017 i leith.

(2) Leagtar síos in Airteagal 191 den Chomhaontú Trádála na nósanna imeachta chun soláthar faoi Theideal VI den Chomhaontú Trádála a mhodhnú nó a cheartú.

(3) I bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála, sonraítear eintitis rialtas láir na Colóime a gcumhdaítear a soláthar faoi Theideal VI den Chomhaontú Trádála ("liosta na n-eintiteas soláthair").

(4) Ag an gcruinniú den fhochoiste um Sholáthar Rialtais a reáchtáladh in Bogotá an 17 Deireadh Fómhair 2019, chuir an Cholóim in iúl don Aontas go raibh sé ar intinn aici liosta na n-eintiteas soláthair a nuashonrú trí shé ghníomhaireacht a cruthaíodh tar éis 2011 a chur leis an liosta, ar gníomhaireachtaí iad a bhaineann leis an leibhéal feidhmiúcháin. Tráth a tugadh an chaibidlíocht don Chomhaontú Trádála i gcrích in 2010, is eintitis soláthair ar leibhéal na n-airí a bhí ag feidhmiú na n-inniúlachtaí a fheidhmíonn na gníomhaireachtaí sin faoi láthair.

(5) Aontaíonn an tAontas agus an Cholóim gur cheart liosta na n-eintiteas a nuashonrú dá réir sin.

(6) Dá bhí sin is gá liosta na n-eintiteas soláthair a leasú. Aontaíonn an tAontas agus an Cholóim nach gceanglaítear coigeartuithe cúiteacha de bharr an nuashonraithe sin, ós rud é gur mionleasú é faoi phointe (a) d'Airteagal 191(2) den Chomhaontú Trádála.

([1]) Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle an 31 Bealtaine 2012 maidir leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, a shíniú, thar ceann an Aontais, agus a chur i bhfeidhm go sealadach (IO L 354, 21.12.2012, lch. 1).

([2]) Prótacal maidir le hAontachas leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh (IO L 356, 24.12.2016, lch. 3).

([3]) Cinneadh (AE) 2016/2369 ón gComhairle an 11 Samhain 2016 maidir leis an bPrótacal maidir le hAontachas leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh, a shíniú, thar ceann an Aontais, agus a chur i bhfeidhm go sealadach (IO L 356, 24.12.2016, lch. 1).

(7) De bhun Airteagal 14(3), i gcomhar le hAirteagal 12(4), den Chomhaontú Trádála, tá cinneadh le glacadh laistigh den Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas agus an tír Aindéach sínitheach lena mbaineann i gcás ina mbaineann sé go heisiach leis an gcaidreamh déthaobhach eatarthu.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Choiste um Thrádáil a leagan síos, ós rud é go mbeidh an cinneadh ón gCoiste um Thrádáil chun liosta na n-eintiteas soláthair a leasú i gcomhréir le hAirteagal 14(2) den Chomhaontú Trádála ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Choiste um Thrádáil a mhéid a bhaineann sé le liosta na n-eintiteas soláthair a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála a leasú, beidh sé bunaithe ar an nDréachtchinneadh comhfhreagrach ón gCoiste um Thrádáil ([4]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Feabhra 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

([4]) Féach doiciméad ST 5699/21 ar http://register.consilium.europa.eu

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/327 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23 Feabhra 2021**

**lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le meatafluitrin a úsáid i dtáirgí bithicíde de chineál táirge 18**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Áiríodh an tsubstaint ghníomhach meatafluitrin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18, agus de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 meastar, dá bhrí sin, é a bheith formheasta faoin Rialachán sin, faoi réir na sonraíochtaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) An formheas maidir le meatafluitrin a úsáid i dtáirgí bithicíde de chineál táirge 18, rachaidh sé in éag an 30 Aibreán 2021. An 25 Deireadh Fómhair 2019, cuireadh iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ar fhormheas meatafluitrine a athnuachan.

(3) An 15 Deireadh Fómhair 2020, chuir údarás inniúil meastóireachta na hÉireann an Coimisiún ar an eolas gur chinn sé, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur ghá meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas. De bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, déanfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta meastóireacht iomlán ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Féadfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta, de réir mar is iomchuí, iarraidh ar an iarratasóir sonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an mheastóireacht a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sa chás sin, cuirfear an tréimhse 365 lá ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá ar an iomlán ach amháin má tá call le fionraí níos faide mar gheall ar chineál na sonraí a iarrtar nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

(5) Laistigh de 270 lá tar éis di moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, déanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ("an Gníomhaireacht") tuairim maidir le hathnuachan fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Dá bhrí sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, is dóigh gur in éag a rachaidh an formheas maidir le meatafluitrin a úsáid i dtáirgí bithicíde de chineál táirge 18 sula nglacfar cinneadh maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin is iomchuí dáta éaga an fhormheasa maidir le meatafluitrin a úsáid i dtáirgí bithicíde de chineál táirge 18 a chur ar atráth ar feadh tréimhse leordhóthanach chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar an iarratas. I bhfianaise na dteorainneacha ama le haghaidh na meastóireachta ag an údarás inniúil meastóireachta agus le haghaidh ullmhú agus chur isteach na tuairime ag an nGníomhaireacht, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.

(7) Seachas dáta éaga an fhormheasa, formheastar meatafluitrin a úsáid fós i dtáirgí bithicíde de chineál táirge 18 faoi réir na sonraíochtaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I dtaca le dáta éaga an fhormheasa maidir le meatafluitrin a úsáid i dtáirgí bithicíde de chineál táirge 18, cuirtear ar atráth é go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Feabhra 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA